# AN DÉARDAOIN

# Saol le hIontas a Chaitheamh

## 23 EANÁIR – 30 EANÁIR 2022

**Réamhrá:**
Cuirtear ionadh agus alltacht ar an gcuid is mó daoine ag staid éigin dá saol – bíodh sé de bharr áilleacht an nádúir, de bharr píosa iontach ceoil a chloisteáil, toisc go bhfuarthas bronntanas gan choinne, nó de bharr na gcineáltas a rinneadh orthu. Uaireanta, bíonn an t-eispéireas seo mar léargas ar Dhia, agus ar an gcruthú. Bronntar tuiscint orainn maidir le brí na beatha. Bíonn sé éasca an taithí seo a ligean tharainn má bhímid róghnóthach, nó má fhaigheann an teicneolaíocht an ceann is fearr orainn. Dá mhéad den eispéireas seo a bheidh againn, is ea is bríomhaire a bheidh an bheatha ionainn. Cuirfear le saibhreas an tsaoil má dhéanaimid machnamh anois is arís faoi fháth na beatha.

Sa litir *Laudato Si'* luann An Pápa Proinsias an méid a dúirt na heaspaig Cheanadacha: 'Ón tírdhreach leathanradhairc go dtí an neach is lú beo, cuireann an nádúr ionadh agus alltacht leanúnach orainn' (*Laudato Si'*, 85).

**Eochairfhocail:**
Ionadh, alltacht, an domhan, an bheatha, iomláine, cothromaíocht.

**Gníomhaíochtaí:**
1. *Éist leis an amhrán 'The Maker' le Chris August agus ansin freagair na ceisteanna.*

(Íomhá ón amhrán sin ar YouTube.com)

Tá físeán an amhráin ar fáil ag: https://youtu.be/lH03GMmdMRI.
Tá liricí an amhráin ar fáil ag: https://www.azlyrics.com/lyrics/ellieholcomb/wonderfullymade.html.

Cén íomhá Dé a chruthaítear san amhrán?

_____

_____

_____

_____

Cad iad na bealaí ina ndeir an cumadóir go bhfuil an t-ádh dearg air gur mhothaigh sé iontais an domhain?

_____

_____

_____

_____

2. *Éist leis an amhrán 'Wonderfully Made' le Ellie Holcomb agus ansin freagair na ceisteanna.*




**(Íomhá ón amhrán sin ar YouTube.com)**

Tá físeán an amhráin ar fáil ag: https://youtu.be/jrwSvQx3Xqs.
Tá liricí an amhráin ar fáil ag: https://www.azlyrics.com/lyrics/ellieholcomb/wonderfullymade.html.

_____

_____

_____

_____

Conas a thugtar le fios nach bhfuil an cumadóir ag tabhairt droim láimhe do ghnáthdheacrachtaí an tsaoil?

_____

_____

_____

_____

Conas mar a mholann an cumadóir dúinn an t-iontas a bhrath ionainn féin?

_____

_____

_____

Conas mar a nascann sí an t-iontas seo leis an gcreideamh reiligiúnach?

**Machnamh an Lae:**
'Tugaim buíochas duit de bharr iontas mo dhéantúis; de bhrí gurb éachtach iad d'oibreacha.' (Salm 139:14)

**Machnamh:**
Tharlódh sé, dá mbeadh an t-ádh orainn, go gcuirfeadh rud éigin taobh amuigh dínn féin ionadh agus alltacht orainn – bíodh sé le sonrú sa nádúr, i ndaoine áirithe, nó sna healaíona. Déanaimid dearmad faoi na hiontais ionainn féin uaireanta. Tuigtear dúinn nach fiú trácht orainn i gcomparáid leis an domhan mór, agus b'fhéidir go mbaineann féiníomhá íseal linn. Tarlaíonn a leithéid uaireanta toisc go gceapaimid nach bhfuil aon mheas ag daoine eile orainn. Sáraíonn an grá domhain pearsanta atá ag Dia dúinn, mothúchán ar bith dá leithéid. Is deacair dúinne uaireanta a ceapadh gur daoine uathúla ar leith muid, gan éirí mórtasach faoi, mar a tharlaíonn do dhaoine áirithe. Tugtar ár ndúshlán an chothromaíocht cheart a bheith inár saol againn. An mbeimid maith go leor aghaidh a thabhairt ar an dúshlán úd?

Féach an PowerPoint atá ar fáil agus a bhaineann leis an urnaí/machnamh seo.

**Bileog Oibre Breise– Saol le hIontas a Chaitheamh**
*Tabhair freagairt phearsanta ar na sleachta seo mar gheall ar an ionadh agus an alltacht a luaitear:*
'Tugaim buíochas duit de bharr iontas mo dhéantúis; de bhrí gurb éachtach iad d'oibreacha.' (Salm 139:14)

'Ón tírdhreach leathanradhairc go dtí an neach is lú beo, cuireann an nádúr ionadh agus alltacht leanúnach orainn.' (An Pápa Proinsias, *Laudato Si'*, 85)

T

á Críost beo inár measc! Is eisean ár ndóchas, tugann sé an óige ar domhan ar bhealach iontach, agus déantar rud beo óg úr as an uile rud lena ndéanann sé teagmháil.' (An Pápa Proinsias, *Christus Vivit*, 1)

'Thug sé an uile rud seo faoi deara, in aon mheandar éachtach amháin, léiriú beoga os a chomhair ag breacadh an lae; agus nuair a bhreathnaigh sé, phreab an croí ann; agus phreab an croí ann le hiontas.' (Kenneth Grahame, *The Wind in the Willows*)

Eascraíonn ardmheas ón mbuíochas, bíonn deis againn an eipeafáine laethúil a mhothú, tráthanna iontacha na halltachta a chuireann athrú ar an tslí agus ar an dearcadh maireachtála atá againn.' (John Milton)

'Dá dtiocfadh Dia chugam sa seomra seo, bheadh ionadh an domhain orm, ach ní dóigh liom go gcuirfí uamhan orm toisc é a bheith ann. Seans go mbainfí deoir asam, ach measaim go gceapfadh sé gur cúláilte an mac mé.' (Marc Bolan)

**Nótaí Acmhainne**
Is féidir téama an ionaidh agus na halltachta a scrúdú i gcomhar le staidéar ar na hábhair seo leanas:

**Béarla/Gaeilge:**
D'fhéadfadh na daltaí dánta an nádúir a scrúdú, na téacsanna a leagtar síos do na scrúduithe agus a gcuid cumadóireachta féin a dhéanamh bunaithe ar an ionadh agus ar an alltacht.

**Ceol:**
D'fhéadfadh na daltaí éisteacht le píosaí ceoil a dhéanann iontais an domhain a iniúchadh, agus ceol mór le rá a thugann inspioráid do na sluaite.

**Tíreolaíocht:**
D'fhéadfadh na daltaí iontais fhisiceacha an domhain a iniúchadh, bídís nádúrtha nó saorga.

**Eolaíocht:**
D'fhéadfadh na scoláirí castacht iontach an tsaoil a iniúchadh – ón gcáithnín is lú atá ann go dtí ollfhairsinge na cruinne. Bain úsáid as an bhfíseán 'Cosmic Zoom': https://www.youtube.com/watch?v=VgfwCrKe_Fk.

**Ealaín:**
D'fhéadfadh na daltaí na saothair ealaíne is cáiliúla ar domhan a iniúchadh le fáil amach an dtugtar cur síos nó léargas ar iontais ar bith iontu, nó d'fhéadfaidís féin saothair ealaíne a chruthú ar théama an iontais.